Bileog 9.1

Labhair leis an duine in aice leat agus abair leis/léi cén obair tí a dhéanann tú. Féach ar na briathra agus na hainmfhocail sna boscaí thíos le cuidiú leat. Má tá tú i do chónaí le duine eile abair cad a dhéanann an duine sin sa teach chomh maith.

Na Briathra
(sa chéad phearsa)
Cóirím
Cuirim
Déanaim
Glanaim
Ním
Péinteálaim
Réitím
Scuabaim
Tugaim
Ullmhaím

Na hainmfhocail

an teach
na soithí
an féar
an t-urlár
an chistin
an seomra suí
an t-éadach/na héadaí
an tsiopadóireacht
an balla/na ballaí
an fhuinneog/na fuinneoga
an béile/na béilí

Éist le Siobhán agus Ciara ag déanamh cur síos ar an obair tí a dhéantar sna tithe a bhfuil siad ina gcónaí iontu. Scríobh an oiread eolais agus is féidir libh in aice leis na pictiúir.

Féach féin agus an duine in aice leat ar an dá abairt seo:
Glanaim an teach / Is fuath liom an teach a ghlanadh
agus pléigí an difear idir an dá abairt.

Cén tábhacht a bhaineann le téarmaí gramadaí a bheith ar eolas agat?

Anois abraigí le chéile cad iad na rudaí nach maith libh a dhéanamh ar chor ar bith sa teach agus na rudaí gur cuma libh fúthu. Féachaigí ar na habairtí seo thíos chun cabhrú libh.

— Is fuath liom na soithí a ní.
— Is cuma liom an teach a ghlanadh ag an deireadh seachtaine.

Bileog 9.2

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Roghnaígí pictiúr amháin an duine. Samhlaígí gur seomraí iad na pictiúir in bhur dtithe féin. Caithfidh sibh na seomraí a ghlanadh an deireadh seachtaine seo chugainn. Abraigí le chéile cad go díreach atá le déanamh agaibh.

Pictiúr A

Caithfidh mé na ballaí a ní!

Tá orm an páipéar ar fad a chaitheamh amach!

Pictiúr B

Caithfidh mé an bruscar a chur amach!

Tá orm an seomra cúil a eagrú!

Abair leis an duine in aice leat anois cad a chaithfidh tú a dhéanamh i do theach féin ag an deireadh seachtaine.

Bileog 9.3

Bord Soláthair an Leictreachais

Sa lá atá inniu ann tá caomhnú fuinnimh mar chuid lárnach dár saoil. Seo thíos intreoir atá i lámhleabhar atá foilsithe ag Bord Soláthair an Leictreachais. Léigh an píosa leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh é? Tá an ghluais ann le cuidiú libh.

Is cinnte go bhfuil athrú aeráide (1) ar cheann de na hábhair imní (2) is mó dá bhfuil ann sa lá atá inniu ann. D'fhéadfaimis (3) a bheith níos ciallmhaire le húsáid fuinnimh a chuideodhle laghdú na hastaíochta (4) CO_2 a chuireann leis an bhfadhb. Leis seo ar intinn againn, ceapadh an t-eagrán seo d'Fhuinneamh sa Bhaile mar threoir thagartha (5) atá éasca a leanúint agus a thaispeánann conas mar a d'fhéadfá leictreachas a úsáid níos éifeachtaí sa bhaile.

Gluais:

1. An t-athrú atá ag teacht ar an aimsir.
2. Cúiseanna imní/rudaí a chuireann buairt ar dhuine.
3. Thiocfadh linn.
4. Laghdú ar an chur amach CO_2.
5. Pointí eolais.

Léigh na habairtí seo thíos agus cuir líne faoi na focail ***fíor*** nó ***bréagach*** má tá siad fíor nó bréagach fút féin. An bhfuil na freagraí céanna ag na daoine eile i do ghrúpa?

1. Ní chuireann tú ach an méid uisce atá ag teastáil uait sa chiteal nuair a chuireann tú uisce ag beiriú. — fíor/bréagach
2. Déanann tú cinnte go bhfuil gach solas múchta agat sula bhfágann tú an teach. — fíor/bréagach
3. Roghnaíonn tú an cúrsa coigilteach ar do mheaisín níocháin an oiread agus is féidir. — fíor/bréagach
4. Ní bhíonn ach rud amháin agat san oigheann agus tú ag ullmhú béile. — fíor/bréagach

Éist le Peadar anois ag déanamh cur síos ar na hathruithe atá déanta aige féin sa teach le fuinneamh a chaomhnú agus airgead a shábháil. Breac síos 3 phointe:

1. _____ 2. _____ 3. _____

Bileog 9.4

Tá comórtas á reáchtáil ag Bord Soláthair an Leictreachais. Níl le déanamh ach an fhoirm seo a líonadh agus tá an seans agat laethanta saoire a bhuachan le ***Emerald Star*** ar an tSionainn! Caith tamall tú féin ag líonadh na foirme.

Ainm: _____

Seoladh: _____

_____

_____

Teileafón: _____

Ríomhphost: _____

Uimhir Chuntais Chustaiméara:
(Gheobhaidh tú seo ag barr do bhille)

_____

An bhfuil níochán ag 40°C níos eacnamaí ná níochán ag 60°C? Tá/Níl

Críochnaigh an abairt seo a leanas i 12 focal nó níos lú:

Tig liom caomhnú fuinnimh a thabhairt chun beatha trí

_____

_____

_____

Cuir an abairt dheireanach a chum tú i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.

Pléigí na ceisteanna seo:

- An gcuireann tú isteach ar mórán comórtas?
- Ar bhuaigh tú riamh comórtas?
- Cé a dhéanann an níochán agus iarnáil i do theachsa?

Bileog 9.5

Ag obair leis an duine in aice leat cum ceisteanna a bheadh oiriúnach do na habairtí seo thíos. Braithfidh an cheist ar an fhocal atá i gcló dubh. Féach ar an sampla ar dtús.

Freagra: Déanann **Pól** an dinnéar gach lá de ghnáth.
Ceist: *Cé a dhéanann an dinnéar gach lá?*

1. Freagra: **Is maith** le Siobhán a bheith ag siopadóireacht.
Ceist: _____*?*

2. Freagra: **Ní cheannaím** bainne úr gach lá.
Ceist: _____*?*

3. Freagra: Ním **an folcadán** gach lá.
Ceist: _____*?*

4. Freagra: Déanaim **obair bhaile** leis na páistí gach tráthnóna.
Ceist: _____*?*

Seo thíos abairt ag déanamh cur síos ar rud a dhéanann duine de ghnáth. Líon na boscaí le focail cosúil leis na focail eile atá iontu.

Casaim le mo chuid <u>deirfiúracha</u> le haghaidh lóin <u>gach Máirt</u> de ghnáth.

dearthár/deartháireacha
_____
_____
_____

ar maidin san iarnóin
_____
_____
_____

'*mo chuid* deirfiúracha' – cad is féidir leat a rá faoin struchtúr seo? Pléigh leis an duine in aice leat.

Éist le Deirdre Learmont ag déanamh cur síos ar ghnáthsheachtain ina saol. Breac síos trí rud a dhéanann sí de ghnáth:

_____
_____

Déan cur síos don duine in aice leat ar cad a dhéanann tú go minic nó go rialta. Mar shampla:

Bíonn orm dul go dtí an banc uair sa tseachtain.

Bileog 9.6

Siúil timpeall an ranga agus aimsigh daoine a dhéanann na rudaí sa bhosca thíos.

Duine. . .	**Ainm an duine**
a théann go dtí an spórtlann cúpla uair sa tseachtain.	
a ullmhaíonn an dinnéar gach tráthnóna.	
a dhéanann an tsiopadóireacht bhia gach deireadh seachtaine.	
a chasann lena t(h)eaghlach uair sa tseachtain.	
nach n-itheann feoil ná iasc go deo.	
a théann go hAifreann uair sa mhí.	
a ólann ar a laghad trí chupán caife sa lá.	
a imríonn spórt ar a laghad uair sa tseachtain.	
a chaitheann tobac.	
nach ndéanann obair tí go deo.	

An féidir leat féin agus an duine in aice leat a thomhas cé a dhéanann na rudaí thíos ar bhonn leanúnach? An bhfuil aon fhíricí eile den chineál seo ar eolas agaibh faoi dhaoine cáiliúla?

Ní chaitheann an duine seo díbholaíoch go deo.
Éisteann an bhean chlúiteach seo le ceol Britney Spears nuair a bhíonn sí sa spórtlann.
Is breá leis an duine seo galf agus cártaí a imirt ar bhonn laethúil
Ólann an duine seo trí dheoch mheisciúla gach tráthnóna.
Téann an duine seo go dtí an spórtlann gach lá chun go mbeidh cruth deas ar a tóin go deo.

Banríon Shasana, Eva Longoria, Daniel O'Donnell, Julia Roberts, Madonna.

Bileog 9.7

Ag obair leis an duine in aice leat smaoinígí ar an tslí a chuireann tú ceist ar dhuine an bhfuil nuacht ar bith aige/aici. Breacaigí síos na tuairimí atá agaibh:

_____
_____

Anois breacaigí síos na dea-scéalta gur féidir libh smaoineamh orthu:

_____
_____
_____
_____
_____

Agus anois smaoinígí ar dhrochscéalta a bhíonn ag daoine:

_____
_____
_____
_____

An féidir libh smaoineamh ar aon nath cainte eile cosúil leis na frásaí sa chiorcal?

Déan plé leis an duine in aice leat ar an mhéid oibre a dhéanann tú ar an Ghaeilge taobh amuigh den seomra ranga.

Anois éist leis an téip - cén nuacht atá ag na cainteoirí?
1. _____
2. _____
3. _____
4.

Féachaigí ar na frásaí seo thíos – pléigh leis an duine in aice leat an úsáidfeá iad nuair a chloisfeá dea-scéala **nó** drochscéal?

— Comhghairdeas!
— Tá brón orm é sin a chloisteáil.
— Go maire tú an dea-scéala.
— Tá mé sásta é sin a chloisteáil.
— Sin drochscéal!
— Tá mé buartha faoi do thrioblóid.
— Is mór an trua é sin.
— Tá sé sin go hiontach ar fad.

1. Breac síos cúpla rud deas a tharla duit féin le bliain anuas.
2. Anois úsáid na rudaí sin chun plé a dhéanamh leis an duine in aice leat ar an gceist seo:

An bhfuil nuacht ar bith agat?

Bileog 9.8

Cuir féin agus an duine in aice leat Gaeilge ar an chárta seo thíos.

Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar cheart gan cead deoch amháin a bheith ag tiománaithe má tá siad ag tiomáint?
2. An bhfuil an scrúdú tiomána ródheacair, dar leat?
3. Cad is cúis le líon mór na dtimpistí sa tír seo?

C_____!_____
_____
_____
_____

Féachaigí ar na focail seo: dea- & droch-
Cén chuid den ghramadach iad seo? Cad é an patrún a bhaineann leo? Pléigh leis na daoine eile i do ghrúpa ag úsáid samplaí.

Ag obair leis na daoine i do ghrúpa roghnaígí **dea** nó **droch** (nó an dá cheann) agus cuirigí roimh na focail seo a leanas iad:

aimsir	timpiste	comhrá
comhartha	cuma	aithne

Súil Siar

Téigh siar ar na rialacha a bhaineann le **an-** agus **ró** leis na daoine i do ghrúpa agus léirígí iad le samplaí.

Scríobh cuntas ar dhea-eachtra nó ar dhrocheachtra a tharla duit féin le gairid. Bain úsáid an oiread agus is féidir as na nótaí ón aonad seo.